# Féile Luimnigh 2024

## Roinn na Gaeilge

## Comórtaisí: Roinn B, C, D.

## Dátaí: 4ú Márta – 15ú Márta 2024

## IONTRÁLACHA

Caithfear na hiontrálacha, maraon leis na táillí, a bheith istigh roimh an Luan, 15ú Eanáir 2024

Gach eolas (comórtaisí, rialacha, dánta, foirmeacha iontrála, táillí) le fáil ar www.feileluimnigh.ie

**CAITHFEAR NA HIONTRÁLACHA UILE A DHÉANAMH AR LÍNE**

Mar aon leis sin, ní mór liosta na hiomaitheoirí ó gach rang, ***clóscríofa***, ar an bhfoirm oifigiúil, a sheoladh chuig flgaeilge@gmail.com roimh 15ú Eanáir 2024

**RIALACHA**

1. Caithfidh múinteoir, nó duine fásta ceaptha in áit an mhúinteora, teacht leis na páistí ón scoil.

2. Ní mór gach iontráil a dhéanamh ar line.

3. Caithfear an táille cheart iontrála a chur isteach le gach iontráil.

4. Aon uair a bhíonn teorainn ama i gceist cuirfear i bhfeidhm go daingean é.

5. Ní mór aon agóid i bhfoirm scríofa agus táille €10 a chur chuig an Cathaoirleach laistigh de 24 uair tar éis do dhuine páirt a ghlacadh i gcomórtas.

6. Caithfear trófaithe a thabhairt ar ais mí roimh chomórtas 'Roinn na Gaeilge' sa bhlian dar gcionn. Má chailltear iad, caithfear íoc astu. Caithfear íoc as damáiste ar bith a deintear dóibh.

7. Má tá níos lú ná deichniúr iomaitheoir in aon chomórtas, ní bhronnfar ach dhá dhuais ar a mhéád. Bonn agus Teastas.

**Roinn B** **Táille:** **€3 an duine.**

# Aithriseoireacht

**Comórtas:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1) Naíonáin Shóisearacha** | Cailíní & Buachaillí | Do Rogha Féin | } Gan dul thar 6-8 líne |
| **2) Naíonáin Shínsearacha** | Cailíní & Buachaillí | Do Rogha Féin | |
| **3) Rang I** | Cailíní & Buachaillí | Do Rogha Féin | |

| | | |
|---|---|---|
| **4) Rang II** | Cailíní & Buchaillí | **Micí Moncaí**<br>Seán Máirtín |

| | | |
|---|---|---|
| **5) Rang III** | Cailíní & Buchaillí | **Seán agus an Dall** |

| | | |
|---|---|---|
| **6) Rang IV** | Cailíní & Buchaillí | **An Préachán is an Lon Dubh**<br>Traidisiúnta: as an chnuasach *Rabhlaí Rabhlaí* |

| | | |
|---|---|---|
| **7) Rang V** | Cailíní & Buchaillí | **An Leipreachán**<br>Mícheál Ó Donnchú |

| | | |
|---|---|---|
| **8) Rang VI** | Cailíní & Buchaillí | **Is Deas Liom Turas**<br>Peadar Ó hAnnracháin |

## ROINN C **Táille:** **€4 an duine**

# DRÁMA

**Bunscoileanna Amháin**

Dráma beag a chur i láthair. Is féidir an drama céanna a bheith ag níos mó ná grúpa amháin, más mian leis an múinteoir.

Gan níos mó ná deichniúir i ngach grúpa. Gan dul thar 10 nóiméad.
Béim ar (a) An Ghaeilge, (b) Aisteoireacht, (c) Úsáid Stáitse.

| Uimhir an Chomórtais | Rang | Duais |
|---|---|---|
| **9)** | **Naíonáin Shóisearacha** | Do Rogha Ábhar<br>Corn/Sciath don chéad áit agus teastas. Teastas don dara grúpa. |
| | | |
| **10)** | **Naíonáin Shínsearacha** | Do Rogha Ábhar<br>Corn/Sciath don chéad áit agus teastas. Teastas don dara grúpa. |
| | | |
| **11)** | **Rang I** | Do Rogha Ábhar<br>Corn/Sciath don chéad áit agus teastas. Teastas don dara grúpa. |
| | | |
| **12)** | **Rang II** | Do Rogha Ábhar<br>Corn/Sciath don chéad áit agus teastas. Testis don dara grúpa. |
| | | |
| **13)** | **Rang III** | Do Rogha Ábhar<br>**Corn Mhuintir Uí Eiremhóin** |
| | | |
| **14)** | **Rang IV** | Do Rogha Ábhar<br>**Corn Mhic Fhlannchadha agus Uí Cheallacháin** |
| | | |
| **15)** | **Rang V** | Do Rogha Ábhar<br>**Corn Mháire Ní Thiarnaigh** |
| | | |
| **16)** | **Rang VI** | Do Rogha Ábhar<br>**Corn Mháire Ní Shúilleabháin** |

**ROINN D** **TÁILLE: €10 don chór**

# CÓR-VÉARSAÍOCHT

Aon phíosa a rá. Gan níos mó ná **30** sa chór.

***Ní cheadaítear (a) fearas ar bith a úsáid sa chomórtas seo agus (b)nó ceol a úsáid nó amhrán a chanadh le linn do'n chór-véarsaíocht.***

| Uimhir an Chomórtais | Rang | Duais |
|---|---|---|
| **17)** | **Naíonáin Shóisearacha** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **18)** | **Naíonáin Shínsearacha** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **19)** | **Rang I** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **20)** | **Rang II** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **21)** | **Rang III** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **22)** | **Rang IV** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **23)** | **Rang V** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **24)** | **Rang VI** | Corn S.I.P.T.U. agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |

- - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - -

# Féile Luimnigh
# Dánta 2024

## RANG II

### Micí Moncaí
Seán Máirtín

Is mise Micí Moncaí
Conaím thíos sa choill,
Tá mo thigín sa chrann agam
Rithim suas gan mhoill.

Nuair a thagaimse anuas
Bíonn banana i mo bhéal.
Mar is mise Micí Moncaí –
Sin deireadh le mo scéal.

## RANG III

### Seán agus an Dall

Bhí an seanfhear dall
Ar thaobh cosáin
Ag seinm ceoil
Ar a fheadóg stáin.

Cé tháinig anuas
An tsráid ach Seán
Agus airgead aige
Le haghaidh milseáin?

Chonaic Seán an dall
Ansin os a chomhair
Agus ghlac sé trua
Don seancheoltóir.

Ní dhearna sé stad
Ach shiúil sé anonn
Agus thug sé an t-airgead
Don seanfhear dall.

## RANG IV

### An Préachán is an Lon Dubh
Traidisiúnta: as an chnuasach *Rabhlaí Rabhlaí*

In aice mo thí ar thaobh an bhóthair
Tá crann mór craobhach ard
Bíonn an lon dubh ina shuí ar an gcraobh is ísle,
Is bíonn an préachán thus ar a bharr.

Bíonn siad ag caint go moch ar maidin,
Is í ina maidin bhreá,
Deir an lon dubh: “An bhfuil Fearghus ina shuí fós?”
Is deir an préachán: “Tá, tá, tá”.

Cloisim arís iad le titim na hoíche,
Is mé im’ luí go sámh.
Deir an lon dubh: “An bhfuil Fearghus ina shuí fós?”
Is deir an préachán: “Tá, tá, tá”.

| RANG V | RANG VI |
|---|---|
| **An Leipreachán**<br>Mícheál Ó Donnchú<br><br>Maidin mhoch ag bun an phóirse<br>Chuala glóirín gleoite binn –<br>Glór mar a dhéanfadh cloigín órga,<br>Cloigín ceoil na slóite sí.<br><br>D'fhéach mé uaim faoi thor copóige,<br>Is romham ansiúd is ea a bhí ina shuí<br>Firín beag is cóitín crón air,<br>Bríste glún is bróga buí.<br><br>Dhruid mé leis go héadrom seolta,<br>Dúil san ór go mór im chroí;<br>Ach nuair a chrom mé chun é a thógáil,<br>Ní raibh romham ach sop beag tuí! | **Is Deas Liom Turas**<br>Peadar Ó hAnnracháin<br><br>Is deas liom turas<br>Istigh i mbus<br>Is suíochán fúm ag luascadh,<br>Lá breá geal,<br>Mé féin go slán,<br>Is an bus thar barr ag gluaiseacht.<br><br>Gach tor, gach sceach,<br>Gach crann, gach teach,<br>Ag rith go mear ar chúl uainn,<br>Is ag dul chun cinn<br>Gan beann ar ghaoth<br>Mé féin ar mo shuíochán luascadh.<br><br>Lá éigin fós<br>Nuair a bheidh mé mór<br>Is carn óir i mo mhála,<br>Ceannóidh mé bus<br>Is tabharfaidh mé turas<br>Do gach leanbh maith san áit seo. |

# *Féile Luimnigh 2024*

Cuir chuig flgaeilge@gmail.com (***clóscríofa***), le'd thoil

## Roinn Na Gaeilge

**Roinn sa Chlár**

| Comórtas Uimhir | Uimhir | Ainm | Seoladh na Scoile | Rang | Táille |
|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | | | | |
| | 2 | | | | |
| | 3 | | | | |
| | 4 | | | | |
| | 5 | | | | |
| | 6 | | | | |
| | 7 | | | | |
| | 8 | | | | |
| | 9 | | | | |
| | 10 | | | | |
| | 11 | | | | |
| | 12 | | | | |
| | 13 | | | | |
| | 14 | | | | |
| | 15 | | | | |
| | 16 | | | | |
| | 17 | | | | |
| | 18 | | | | |
| | 19 | | | | |
| | 20 | | | | |
| | 21 | | | | |
| | 22 | | | | |
| | 23 | | | | |
| | 24 | | | | |
| | 25 | | | | |
| | 26 | | | | |
| | 27 | | | | |
| | 28 | | | | |
| | 29 | | | | |
| | 30 | | | | |
| | 31 | | | | |
| | 32 | | | | |
| | 33 | | | | |
| | 34 | | | | |
| | 35 | | | | |

Dáta:_____ Oide: _____

Uimhir theileafóin: _____ Ríomhphost: _____